

# ❖ An Lúibín ❖

16 Samhain 2020

## Na mná i mbéal na ndaoine

*Women figure largely in Irish proverbs, for good or ill.*

Tá neart seanfhocal ann faoi mhná, agus dearcadh na bhfear le haithint ar chuid acu. Idir mholadh agus cháineadh atá le fáil iontu, agus ní blas moltach atá ar an gceann seo: *Scata ban nó scata géanna*. Cúpla sampla eile: *Is dána bean ná muc agus is dána an mhuc ná an diabhal* nó *Ní fhéachfadh bean siar chun leithscéal a fháil*. Ach ar an taobh eile de: *Ná bac le haon duine nach bhfuil buíochas na mban air* agus *Is leath beatha bean mhaith tí*.

Tá meas ag *An Lúibín* ar mhná rua, an meas céanna a bhíodh ag muintir na hÉireann orthu, más fíor: *Bean dhubh ar thosach an oilc, bean bhán ar thosach na ngrásta, bean rua ar thosach an tslua*.

Ní fada ó bhí píosa ar *Tuairisc.ie* ar sheanfocail a bhaineann le hiníonacha, agus is fiú iad a aithris arís.

*Is mac duit do mhac go bpóstar é ach is iníon duit d'iníon go dtéann tú i gcré.*

*Is fearr iníon agat féin ná mac ag duine eile.*

*Nuair a phósann tú do bhean, pósann tú d'iníon* (i.e. glacann iníon chuici dualgas mná tí).

*Ní hí a bhean a cailleadh ach iníon a chomharsan* (rud a deirtear faoi fhear nach bhfuil cumha air i ndiaidh bhás a mhná).

Ní féidir iníon a lua gan an mháthair a lua chomh maith:

*An mháthair leis an mac agus an iníon leis an athair.*

*Máthair éasca a dhéanann iníon fhalsa.*

*Is iomaí máthair mhaith a thóg drochiníon.*

*Moladh na máthar cáineadh na hiníne* (i.e. má mholann an mháthair í fan amach uaithi).

Deirtear chomh maith: *Bíonn tinneas a clainne ar an máthair i gcónaí.*



## Blas an Bhéarla ar an nGaeilge: drochscéal nó dea-scéal

*Dublin Irish is often accused of being too influenced by the phonology of English, but the Russian researcher Marina Snesareva found that this claim should not be exaggerated.*

In 2016 d'fhoilsigh Marina Snesareva, scoláire ó Ollscoil Stáit Mhoscó, páipéar dar teideal 'Palatalization in Dublin Irish: the extent of phonetic interference'.<sup>1</sup> Bhí baint aige seo le díospóireacht atá ar siúl le fada an lá faoin gcineál dróch-Ghaeilge a luaitear le nuachainteoír na teanga. Tá sé ráite go bhfuil na nuachainteoírí difriúil leis na glúine rompu sa mheid nach bhfuil an cumas céanna teanga acu agus go bhfuil a gcuid gramadaí agus a dtuinn dulta ar seachrán. Tá sé ráite freisin go bhfuil an chaint nua chomh 'truaillithe' sin nach mbeadh an seandream in ann í a thuiscint mura raibh Béarla acu. Ach b'fhéidir nach bhfuil an scéal chomh dona is a shíleamar.

Tá an dá theanga sa súsa céanna anois, gan dabht. Is iomaí Éireannach nach bhfuil Gaeilge acu, ach níl aon Ghaeilgeoir ann nach bhfuil Béarla aige. Mar a deir Snesareva:

<sup>1</sup> Marian Snesareva, 'Palatalization in Dublin Irish: the extent of phonetic interference': [https://www.researchgate.net/publication/311808997\\_Palatalization\\_in\\_Dublin\\_Irish\\_The\\_Extent\\_of\\_Phonetic\\_Interference/link/585bc1aa08ae329d61f2a538/download](https://www.researchgate.net/publication/311808997_Palatalization_in_Dublin_Irish_The_Extent_of_Phonetic_Interference/link/585bc1aa08ae329d61f2a538/download)

Irish bilingualism is thus neither stable nor symmetrical – otherwise both languages would have been equally prestigious and had a similar number of speakers. As a result, most Irish speakers can nowadays switch to English when necessary, even within one sentence.

Má tá fuaimniú teanga ag athrú faoi thionchar teanga eile, caithfidh sé go bhfuil méid éigin dátheangachais ann. Roinnt rudaí atá i gceist, agus orthu sin tá cosúlacht idir fuaimneanna an dá theanga agus an aois ina dtosaíonn daoine ag foghlaim na teanga nua. Má tá fuaim sa chéad teanga atá réasúnta cosúil le fuaim sa dara teanga, rachaidh fuaim an chéad teanga i bhfeidhm ar an teanga eile. Meastar gur mar sin d'fhoghlaimoí fásta go háirithe.

Bhain Sneseva úsáid as samplaí a bailíodh in 2014, nuair a chuir sí agallamh ar shé dhuine is tríocha i mBaile Átha Cliath: sé bhean déag agus fiche fear arbh í an Ghaeilge an dara teanga acu. I mBaile Átha Cliath a tógadh iad go léir agus ní raibh baint acu leis an nGaeltacht. Bhain siad le haoisghrúpaí éagsúla ach bhí a bhformhór (67%) faoi bhun trí bliana is tríocha.

Bhain Marina Sneseva feidhm as an gcarbhallú mar shlat tomhais. Déantar carballú nuair a chuirtear cuid den teanga gar don charball chun consan a fhuaimniú. Deirtear go bhfuil consain dá leithéid 'carbhallaithe' agus déantar iad a thrasríobh san Aibítir Idirnáisiúnta Foghraiochta tríd an litir ⟨l⟩ a cheangal leis an gconsan atá i gceist. An carballú is cúis le consain chaola i nGaeilge, agus bhí carballú tosaigh ar iarraidh i 17% de shamplaí Sneseva. Is minic a bhí sin le haithint ar chonsain leachtacha (*l* agus *r*), consain shrónacha (*m*, *n* agus *ng*) agus cuimilteach liopach neamhghlórach (*f*). Ach bhí formhór mór na samplaí le fáil i ndeireadh na bhfocal (44%) agus baint acu le *l* agus *r* (consain leachtacha), le *m*, *n* agus *ng* (consain shrónacha) agus le *b* agus *p* (stopanna liopacha). Fágann seo gur féidir míchiall a bhaint as focal mura féidir consan caol a aithint thar chonsan leathan: *cat/cait*, *cupán/cupáin*, *páipéar/páipéir*, nó (*fuaim*) *an chlog* in áit (*fuaim*) *an chloig*.

Mar sin féin, má mheastar na torthaí go léir, is léir go bhfuil an céatadán de chonsain mhichearta an-íseal – 11.9%. Deir Sneseva: 'Naturally enough, in spontaneous conversation mispronunciations are likely to be more frequent but even so the speech of fluent Dublin bilinguals seems to be less incorrect than usually described'.

Dea-scéal é sin, má tá tú orthu siúd ar mhaith leo dul na Gaeilge a chosaint ar dhul an Bhéarla, rud nach féidir a dhéanamh i ngach cás. Ní fhéadtar an criólú a chosc ar fad; rud nádúrtha é; ach níor imigh an donas go smíor orainn fós.



### Laisréan in ifreann

*The story of Laisréan's visit to hell is found in a 15th century manuscript, though the language is older. Though incomplete, it follows the familiar pattern of such stories, with the torments of the damned (picturesquely described) illustrating the need to heed God's teachings.*

Seo leagan nuachóirithe de scéal Laisréin, scéal a tógadh ó lámhscríbhinn de chuid an 15ú haois déag agus a bhfuil an bunleagan le fáil ar líne ag <https://celt.ucc.ie/published/G207003/index.html> (le haistriúchán Béarla). Mar a dúirt an chéad eagarthóir, Kuno Meyer, tá an buntéacs i Sean-Ghaeilge agus é níos luaithe, mar sin, ná c. 900 AD. Sa leagan nuachóirithe seo cloíodh chomh mór agus ab fhéidir le téacs na lámhscríbhinne.

Tá ábhar an scéil coitianta go leor i litríocht reiligiúnda na meánaoiseanna. Ní peacaí mór é Laisréan féin, ach déantar finné agus teachtaire de. Déantar idirdhealú idir a chorp (an chuid saolta de) agus a anam, ós é siúd atá in ann teagmháil a dhéanamh leis an saol eile agus teagasc na n-aingeal a thuiscint. Léiriú ar ghrá Dé is ea an t-uafás a fheictear in ifreann: teagasc don té atá sásta aithrí a dhéanamh.



Ifreann, ó *Hortus Deliciarum*  
(c. 1180), saothar le Herrad ó  
Landsberg.  
*Wikimedia Commons*

Uair amháin chuaigh Laisréan go dána ó mhainistir Chluana chun Cluain Cháin a ghlanadh, ceall (*i.e. mainistir*) atá i gcríoch Chonnacht. Throisc sé trí thréadhnas (*i.e. trí achar de thrí lá*) ag glanadh na cille dó. I bhfoirceann an trí thréadhnas thit codladh go trom air san aireagal,<sup>2</sup> gur chuala sé trína chodladh an guth ag rá leis: ‘Éirigh suas!’. Níor ghluais sé an uair sin, gur chuala sé an guth arís. Thóg sé a cheann ansin agus ghearr an chroch chéasta ar a ghnúis, go bhfaca sé go raibh an eaglais ina raibh sé ar aon bharr amháin solais agus go raibh dréacht den oíche fós ann, agus go bhfaca sé deilbh lonrach idir an saingeal<sup>3</sup> agus an altóir.

Dúirt an deilbh leis: ‘Tar chugam!’. Chrith corp uile an chléirigh ó mhullach go bonn leis an nguth sin, go bhfaca sé a anam os cionn a mhullaigh agus níorbh fhios dó cén chaoi a ndeachaigh sé as a chorp. Chonaic sé go raibh an eaglais ar oscailt suas chun nimhe agus gur ghabh dhá aingeal an t-anam eatarthu agus gur ardaigh siad san aer é.

Ansin chonaic an t-anam slua aingeal ina choinne agus chonaic slua eile de dheamhain agus fionnadh tintrí umpu, agus tine as gach ball a bhí iontu. Trí dheilbh a thug sé faoi deara sna deamhain. Deilbh ró-dhubh ar chuid acu agus gathanna bolgacha tintrí ina lámha agus deilbh chiardhubh ar chuid eile agus saigheada tintrí ina lámha. Deilbh mhothallach ar an tríú lucht agus fionnadh tintrí tríothu amhail fionnadh feochadáin agus gathanna tintrí ina lámha.

Rinne an trí líon ansin eagar catha chun an t-anam a streachailt de na haingil. Agus d’agair<sup>4</sup> duine de na deamhain ar an anam ar aon chúiseamh amháin, fad a anála agus gan athrú insinte, de dheasca a ndearna sé de mhíghníomhartha ó gineadh é. Mhothaigh an t-anam go raibh an cúiseamh sin uafásach, agus ní dúirt an deamhan ach an fhírinne agus níor agair ar an anam gach ní a dúirt sé i bhfaoistin le hanamchara (*i.e. athair faoistine*) sula ndeachaigh sé as a chorp.

D’fhreagair aingeal an slua mór thar ceann an anama agus dúirt: ‘Tá bhur gcúiseamh uile déanta!’ D’fhreagair an deamhan agus dúirt: ‘Ní dhearna, ní dhearna mé an chuid is mó de’. D’fhreagair an t-aingeal: ‘Ní thig le do chúiseamh díobháil a dhéanamh dúinn, ó rinne sé a fhaoistin agus a aithrí de réir anamchara roimh dó an corp a fhágáil. Tóg ort!’ a dúirt an t-aingeal, ‘níl cuid daoibh san fhear seo’.

‘Más fíor briathar Dé,’ a dúirt an deamhan, ‘ní scarfaimid le chéile ar an gcuma seo, mar ní dhearna an fear seo leanbh de féin mar a d’ordaigh Dia, ag rá *Nisi conversi fueritis et efficiamini sicut parvuli, non intrabitis in regnum caelorum* (Matha 18:3).<sup>5</sup>

‘Is fíor briathar Dé,’ a dúirt an t-aingeal, ‘mar níor tháinig an fear seo chun fanacht i measc deamhan, mar tabharfaidh sé rabhadh romhainn dá chairde. Imígí uainn anois!’ a dúirt an t-aingeal. Agus d’imigh siad.

<sup>2</sup> Aireagal: *oratory*

<sup>3</sup> Saingeal: *chancel*

<sup>4</sup> Agair ar: téarma dlíthiúil sa chás seo, *rud a chur leith duine*

<sup>5</sup> Mura n-impáinonn sibh, agus mura mbíonn sibh ar chiall na bpáistí, ní rachfaidh sibh choíche isteach i ríocht neamháí. (*An Tiomna Nua*, aistriú ag an gCanónach Oirmh. Coslett Ó Coinn.)

Ansin dúirt aingeal an tslua mhóir leis an dá aingeal a bhí um an anam: ‘Tugaigí libh an fear seo go bhfeicfidh sé ifreann’. Ligeadh é ansin ó thuaidh faoi ghleann mór. Chonacthas dó go bhfaca sé mar a bheadh ó éirí gréine go fuineadh. Chonaic sé fochall mór amhail béal uaimhe idir dhá shliabh agus chuaigh isteach in uachtar. Chuaigh sé achar mór san uaimh gur shroich sé sliabh mór ard dubh os a chionn ar bhéal ifrinn agus gleann in íochtar an tsléibhe sin. Mar seo a bhí an gleann sin: leathan in íochtar, caol in uachtar. Ba é sin doras ifrinn agus póirse na huaimhe.

Agus chonaic sé lucht na hinse [i.e. Éire], agus a raibh díobh faoi mhíghnaoi Dé agus iad ina gcorp. Bhí siad i meán an ghleanna agus iad ag caoi. ‘Olc, a Dhé!’ a dúirt an t-anam. ‘An í an phlá a tháinig inár ndiaidh, mar fuair an slua seo uile bás inár ndiaidh, ó fhaighimid anseo iad?’ ‘Ní hea,’ a dúirt an t-aingeal, ‘ach gach aon duine atá faoi mhíghnaoi Dé sa bheatha i do dhiaidh, is anseo a fheiceann siad a n-anam, agus is deimhin í a gcinniúint mura ndéanfaidh siad aithrí.’

‘Ceist, an labhróidh mé,’ a dúirt an fear, ‘le gach anam a fheicim anseo?’ ‘Ná déan,’ a dúirt an t-aingeal, ‘ar eagla go mbeidís deoirchainteach. Abair leo aithrí a dhéanamh, mar gach aon duine a dhéanfaidh aithrí agus a chríochnóidh inti ní bheidh sé sa log seo ach beidh sé i log dídeanach ón olc seo, agus tabharfaidh a aithrí thairis é. Agus an té atá i bhfírinne, is í an bheatha<sup>6</sup> a fheiceann sé fad is atá sé ina chorp, agus sa bheatha a beidh sé má bhíonn sé daingean san fhírinne. Agus abair leo chomh mhaith,’ a dúirt an t-aingeal, ‘an té atá san fhírinne, bíodh sé daingean inti, mar ní fada a dheis mhachnaimh go dtí go dtiocfaidh an t-éag. An té, áfach, atá faoi mhíghnaoi Dé, déanadh sé aithrí, ó ghlacann Dia leis an aithrí más ó chroí a dhéantar í, agus déanann Dia trócaire air.’

Mar sin, chuaigh anam an fhir isteach in ifreann féin, .i. muir thine le hanfa dho-inste agus le tonnta do-inste uirthi. Agus chonaic sé na hanamacha ar lasadh sa mhuir sin agus a gcinn uile os a cionn, agus iad ag gol agus ag déanamh mairge gan stad go deo. Bhí cuid de na hanamacha agus tairní tintrí trína dteanga trína gceann aníos, cuid díobh agus tairní trína gcluasa, cuid díobh trína súile.

Ansin chonaic sé cuid eile díobh agus a mbéal ar leathadh agus na deamhain á mbrú le gabhail thintrí, cosúil leis an trí shlua eile. B’áil leis an bhfear a fháil amach cén difríocht a bhí idir na pianta. D’fhreagair an t-aingeal ar an gcuma a bhfreagraíonn sé smaointe agus machnamh i gcónaí: ‘An lucht a fheiceann tú leis na tairní tintrí trína dteangacha, dream iad nár mhinic ag moladh Dé ná á bheannú agus á adhradh...’.



### Agóidí sa Bhulgáir

*Much attention has been given to political protests in Belarus, but Bulgaria, a Slavic country far to the south, has seen equally strong demonstrations provoked by official corruption.*

Ar éigean a thug na meáin i dtíortha eile síl ar an scéal seo: na mílte léirsitheoirí ag síl na sráideanna le míonna anuas, ag éileamh rialtas nua. Ní hí an Bhealarúis atá i gceist ach an Bhulgáir, tír Shlavach eile atá ag críochantacht leis an nGréig, an Mhacadóin Thuaidh, an tSeirb, an Rómáin agus an Tuirc.

Bunaíodh stát nua-aoiseach na Bulgáire tar éis gur scar na Bulgáraigh leis an Impireacht Otómánach. Thaobhaigh an Bhulgáir leis an nGearmáin sa dá chogadh dhomhanda, cé nach mór a rá gur chuir an chuid is mó de mhuintir na tíre i gcoinne dhíbirt agus mharú na nGiúdach. Ó 1946 amach bhí an Bhulgáir ina cuid den Bhloc Oirthearach, ach ghéill an rialtas Cumannach in 1989, agus tháinig rialtas daonlathach faoi réim.

Tá beagnach seacht milliún duine ina gcónaí sa Bhulgáir, cé go bhfuil laghdú mear ag teacht ar an daonra. Deirtear gurb íse an tír is mó a bhfuil rian na caimiléireachta uirthi san Aontas Eorpach. Tá smál na calaoise ar thionscadaíl mhóra bhonneagair agus fuinnimh go háirithe, agus ar fhorais phoiblí atá ag brath ar airgead ón rialtas agus ón Aontas Eorpach. Is minic a dhéantar bonneagar lochtach d’aonghnó chun go n-íocfaí comhlachtaí áirithe as é a chothabháil. Sin airgead nach bhfuil á chaitheamh, mar shampla, ar an gcóras sláinte, córas atá ar tí cliseadh.

---

<sup>6</sup> Beatha na bhfíreán



Léirsitheoirí in Sofia  
*Wikimedia Commons*

Tá bior sa tine ag an rialtas d'iriseoirí neamhspleácha agus bíonn sé á gciapadh. Coinníonn an rialtas smacht ar na meáin tríd an maoiniú agus cuid de sin faighte ón Aontas Eorpach féin. Tá na cúirteanna faoi bhois an chait ag an rialtas agus tugtar claonbheitheanna dá réir.

Tá an Príomh-Aire Boris Boyko agus a pháirtí pobalach GERB i réim ó 2009 i leith, ach amháin in 2013, nuair a treascraíodh iad de thoradh agóidí eile. Tháinig siad ar ais agus iad chomh cam is a bhí siad riamh. Dá bhrí sin, tá infheisteoirí eachtrannacha ag seachaint na tíre.

Bhí fonn ar GERB a nduine féin a bheith acu mar Uachtarán in 2016 ach toghadh Rumen Radev, polaiteoir neamhspleách a fuair tacaíocht ó Pháirtí Sóisialach na Bulgáire, an páirtí freasúra is mó. Is beag cumhacht atá ag an Uachtarán, ach is minic a dhéanann Radev an rialtas a cháineadh as caimiléireacht, míriar agus údarásaíocht. Ghabh an rialtas éiric sa cháineadh seo trí ruathar a thabhairt ar oifig an Uachtaráin agus mí-iompar a chur i leith beirt chomhairleoirí dá chuid.

Ghríosaigh na drochscéalta lucht agóide chun cruinniú le chéile sna sráideanna i Mí Iúil agus iad ag éileamh go n-éireodh an Príomh-Aire Borisov agus an Príomh-Ionchúisitheoir Ivan Geshev (a bhfuil gráin aige ar an Uachtarán) as oifig. Tá na hagóidí ar siúl ó shin i leith agus iad ag tabhairt daoine den eite chlé agus den eite dheas le chéile, rud a léiríonn an mhímhuinín atá ag cuid mhaith den phobal i mbodaigh mhóra na polaitíochta.

Ní léir, áfach, céard a tharlóidh agus aidhmeanna an lucht agóide bainte amach. Deirtear gur sa phríomhchathair Sofia is mó atá na léirsithe le fáil agus go bhfuil bá ag muintir na tuaithe agus na mbailte beaga fós le Borisov mar dhuine dá gcuid féin. In Sofia is mó atá dream oilte le fáil, intleachtóirí agus eile a bhfuil cur amach acu ar chúrsaí polaitíochta agus calaoise agus a bhfuil muinín acu as a neart féin. Ach níl aon cheannaire aitheanta acu fós, duine a chruinneodh an neart sin.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@optusnet.com.au](mailto:rianach@optusnet.com.au).*

### **Treoraí**

Cén fáth ar lean an áit úd  
trína chodladh aniar é?  
na seomraí agus na mairbh  
an treoraí álainn

thuig sé lá  
gurbh é féin an áit a tréigeadh  
gurbh eisean an áit  
a bhfillfeadh sé uirthi  
go bás

### **Seansolas**

An vearanda istoíche  
an gairdín  
agus tú óg

na sciatháin leathair  
ag teacht anuas de ruathar

an oíche lán dár tharla cheana  
lán de dhríodar na ngrianta  
a múchadh fadó